**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. I gcás institiúid an Stáit a d'eisigh Foirm A1 agus a bhfuil sé de rún aige an fhoirm arna heisiúint a chur ar ceal, a chúlghairm nó a chur ó bhail as a stuaim féin, gan iarraidh a bheith déanta ina leith sin ag institiúid inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, an gceanglaítear uirthi nós imeachta idir-réitigh a dhéanamh le hinstitiúid inniúil Ballstáit eile ar bhonn rialacha atá ar aon dul leis na rialacha a leagtar amach in Airteagail 6 agus 16 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme? ([1])

2. An gcaitear an nós imeachta idir-réitigh a dhéanamh sula ndéantar an fhoirm arna heisiúint a chur ar ceal, a chúlghairm nó a chur ó bhail nó an bhfuil an cur ar ceal, an chúlghairm nó an cur ó bhail sin de chineál tosaigh agus sealadach (Airteagal 16(2)) a thagann chun bheith críochnaitheach i gcás nach gcuireann an Ballstát lena mbaineann ina choinne nó nach dtugann sé a mhalairt de thuairim ina leith sin?

([1]) IO 2009 L 284, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo (an Phortaingéil) arna taisceadh an 30 Meitheamh 2022 – Autoridade Tributária e Aduaneira v HPA – Construções, SA**

**(Cás C-433/22)**

(2022/C 380/04)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal Administrativo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

*Cosantóir:* HPA – Construções, SA

**An cheist a tharchuirtear**

An gcuirtear cosc le mír 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir maidir le CBL ([1]) ar fhoráil den dlí náisiúnta lena bhforáiltear nach bhféadfar an ráta laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm ach ar chonarthaí oibreacha do dheisiú agus d'athchóiriú foirgneamh i dteaghaisí príobháideacha a bhfuil daoine ina gcónaí iontu an tráth a dhéantar na hoibreacha sin?

([1]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Naczelny Só Administracyjny (an Pholainn) arna taisceadh an 5 Iúil 2022 — P Sp. z o.o. v Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Lublinie**

**(Cás C-442/22)**

(2022/C 380/05)

*Teanga an cháis: An Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Naczelny Sąd Administracyjny

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir::* P Sp. z o.o.